Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Atlantic Technological University

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Fógra Príobháideachais le haghaidh Iarratasóirí ar Phost

Réamhrá

Is sinne Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA). Soláthraímid oideachas agus teagasc tríúleibhéal agus éascaimid foghlaim atá bunaithe ar thaighde agus a chothaíonn sármhaitheas ar gach leibhéal ardoideachais laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus mar atá leagtha amach san Acht um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018. Is é OTA Rialaitheoir Sonraí na sonraí pearsanta agat, atá faoi réir ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679. Um breis eolais maidir le conas a phróiseáiltear do shonraí pearsanta, féach le do thoil Polasaí Cosanta Sonraí OTA.

Mar iarratasóir ar phost in OTA ("an Ollscoil"), próiseálfaidh an Ollscoil do shonraí pearsanta ar chúiseanna éagsúla, ar a n-áirítear d'iarratas ar phost a riaradh, an fhaisnéis a tugadh a fhíorú, d'oiriúnacht don ról a mheasúnú agus cinneadh earcaíochta a chur in iúl duit.

Mar chuid de phrionsabal follasachta an RGCS, tá sé de cheart agat eolas iomlán a fháil maidir le húsáid do shonraí pearsanta sul a ndéanann tú iarratas ar phost in OTA. Ins an bhfógra seo leagtar amach na cineálacha sonraí pearsanta a phróiseálfar, na críocha um a iarrtar na sonraí pearsanta sin, na tríúpáirtithe lena roinnfear do shonraí, cén fhad a choimeádfar do shonraí, etc.

An fhaisnéis a phróiseálfar maidir leatsa

Cuimsíonn na cineálacha sonraí pearsanta a phróiseálfar maidir leatsa, inter alia:

- Teideal, ainm, seoladh, uimhreacha teileafóin, seoladh ríomhphoist
- Stair oideachais & fostaíochta, cáilíochtaí, comhaltais de chomhlachais ghairmiúla/cúrsaí, gnóthachtála acadúla, liostaí taighde agus foilseachán, moltóirí, tréimhse fhógra, faisnéis bhreise a thugann tú ar do rogha féin
- Nótaí um ghearrliosta, nótaí agallaimh, nótaí a bhaineann le modhanna eile measúnaithe, scóir
- Faisnéis maidir le cead fostaíochta
- Faisnéis maidir le comhaontú óstála
- Teistiméireachtaí
- Nochtadh maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Faisnéis maidir le monatóireacht um chomhdheiseanna
- Íomhá ar TCI

Nuair is ábhartha é, próiseálfar freisin sonraí de chineál speisialta (íogair) maidir leat, ar a n-áirítear:

- Faisnéis leighis réamhfhostaíochta
- Faisnéis maidir le míchumas (sa chás go bhfuil cóiríochtaí réasúnta de dhíth ort)

Stóráiltear sonraí in iliomad áit, ar a n-áirítear do thaifead iarratais agus córais bainistíochta daonacmhainne, ríomhphost ollscoile san áireamh.

Conas a fhaightear do shonraí pearsanta

Faightear do shonraí díreach uait féin, mar shampla, nuair a sheolann tú d'iarratas ar phost, nuair a chomhlánaíonn tú foirmeacha um ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, nuair a sheolann tú CV chugainn, agus trí agallamh nó trí mhodhanna eile measúnaithe.

Faightear do shonraí pearsanta freisin go hindíreach ó mholtóirí, ó lucht gairmiúil leighis ceaptha ag an Ollscoil, agus ó Bhiúró Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Ní iarrtar faisnéis ó na tríúpáirtithe seo ach amháin sa chás go bhfuil fostaíocht á tairiscint duit.

Próiseáiltear sonraí pearsanta fút freisin nuair a úsáideann tú an suíomh gréasáin againn – um eolas breise féach le do thoil an Polasaí Príobháideachais ar an Suíomh Gréasáin.

Na críocha um a n-úsáidtear do shonraí pearsanta

- Chun críche earcaíochta agus roghnaithe maidir le caidreamh comhaontais a dhéanamh leat.

- Chun oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, mar shampla:
  - chun a chinntiú go bhfuil tú incháilithe um oibriú le daoine fásta & leanaí soghonta
  - chun a chinntiú go bhfuil tú incháilithe um oibriú in Éirinn
  - chun monatóireacht a dhéanamh ar oibleagáidí atá orainn maidir le comhdheiseanna*

- Chun feidhmeanna dar dtug tú cead follasach a chur i gcrích, mar shampla:
  - cóiríochtaí réasúnta a sholáthar le linn an phróisis earcaíochta maidir le míchumas ort*

- Ar mhaithe le leas dlisteanach OTA agus tríúpáirtithe, mar shampla:
  - éilimh dhlíthiúla a fhreagairt agus a chosaint
  - chun críche TCI.

**Tabhair faoi deara le do thoil nach n-úsáidtear na sonraí seo sa phróiseas um chinneadh earcaíochta a dhéanamh.*

Tríúpáirtithe lena roinntear do shonraí

Coinnítear do shonraí pearsanta slán againne agus níl rochtain ar do shonraí ach amháin ag na baill foirne sin a bhfuil gá acu leo maidir le ceann de na cúiseanna a leagtar amach thuas.
Roinnfidh an Ollscoil do shonraí pearsanta, nuair is gá agus is ábhartha é sin, le tríúpáirtithe (lasmuigh de OTA) faoi na cúinsí seo a leanas:

- Sa chás go bhfuil conradh againn le tríúpáirtí sonraí a phróiseáil ar ár son, mar shampla comhlachtaí seirbhíse bogearraí (e.g. CoreHR), comhlachtaí cartlainne, comhlachtaí TCI, etc,
- Sa chás go bhfuil na sonraí ag teastáil mar chuid den ghnáthchúrsa earcaíochta agus roghnaithe e.g.
  - Comhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí earcaíochta, agallaimh agus measúnaithe
  - Moltóirí (measúnú oiriúnachta)
  - An Garda Síochána (grinnfhiosrúchán)
  - An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais/SNIÉ (cead fostaíochta/víosa)
  - An Bord Rialaithe (um cheapachán a fhaomhadh – i gcás iarratasóra roghnaithe amháin)
- Sa chás go bhfuil riachtanas dlíthiúil (e.g. chun críche iniúchta).

Aistrithe Lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)

Chomh fada agus is praiticiúil é, féachann OTA sonraí pearsanta uile a choimeád laistigh den LEE. Sa chás go n-aistrímid sonraí lasmuigh den LEE, cinntímid go bhfuil córas cuí i bhfeidhm uime sin a chomhlíonann an reachtaíocht ábhartha uile agus a chinntíonn go bhfuil an leibhéal céanna cosanta ar do shonraí agus atá ar fáil lasitigh den LEE.

Coinneáil sonraí

Iarratasóirí a éiríonn leo agus a ghlacann le tairiscint fostaíochta le OTA
Coinníonn an Ollscoil do shonraí pearsanta ar buanchoimeád. Coinnítear bileoga moltóireachta agallaimh ar buanchoimeád.
Iarratasóirí nach n-éiríonn leo
Coinnítear do shonraí go ceann dhá bhliain ó dháta dúnta an chomórtais agus ansin glantar ón chóras iad. Scriostar do chuntas iarratasóra freisin, ach amháin sa chás go bhfuil iarratas leanúnach agat leis an Ollscoil. Más mar seo an scéal, beidh ort clárú arís chun úsáid a bhaint as an seirbhís.

Do Chearta

Tá na cearta seo a leanas agat faoin dlí um chosaint sonraí, ach féadfaidh coinníollacha áirithe a bheith i bhfeidhm maidir leis na cearta sin a éileamh:

- An ceart cóip de na sonraí agus/nó rochtain a fháil ar na sonraí a choinníonn OTA maidir leat féin, chomh maith le faisnéis ar bith eile maidir le próiseáil na sonraí sin againn;
- An ceart a iarraidh go ndéantar aon sonraí atá míchruinn a choinnítear maidir leat a cheartú agus go ndéantar uasdhátú ar aon sonraí neamhiomlána;
- An ceart, i gcúinsí áirithe, a iarraidh go scriostar do shonraí pearsanta;
- An ceart, i gcúinsí áirithe, a iarraidh nach bpróiseálfar do shonraí pearsanta chun críche ar leith, nó agóid i gcoinne do shonraí pearsanta a úsáid nó i gcoinne an bhealaigh ina bpróiseáiltear iad;
- An ceart, i gcúinsí áirithe, do shonraí pearsanta a aistriú chuig eagraíocht eile;
- An ceart agóid i gcoinne cinnteoireacht agus/nó próifíliú uathoibrithe; agus
- An ceart gearán a dhéanamh chuig an Coimisinéir Cosanta Sonraí.

Chun ceann ar bith de na cearta thuas a éileamh déan teagmháil linn le do thoil, de réir na sonraí teagmhála a leagtar amach thíos.

Ceisteanna agus Gearáin

Sa chás nach bhfuil tú sásta leis an gcaoi a phléann an Ollscoil le do shonraí pearsanta nó go gcreideann tú go bhféadfadh nach bhfuil riachtanais na reachtaíochta um chosaint sonraí á gcomhlíonadh in iomlán, ba cheart duit sa chéad áit teagmháil a dhéanamh le hOifig Cosanta Sonraí na hOllscoile. Tá sé de cheart agat freisin gearán a sheoladh chuig an Coimisiún Cosanta Sonraí.

Oifig Cosanta Sonraí (OCS)

Déan teagmháil linn le do thoil má tá ceisteanna ar bith agat maidir leis na sonraí atá á gcoinneáil againn maidir leat nó más mian leat ceann ar bith de na cearta atá agat a éileamh:

Oifigeach Cosanta Sonraí
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA)
Ríomhphost: dataprotection@atu.ie
Teil: +353 (0)91 742 769

Athruithe ar an Ráiteas Príobháideachais seo

Déanfar an ráiteas príobháideachais seo a uasdhátú ó am go ham. Le do thoil, féach an leathanach seo ó am go céile chun uasdhátú a fheiceáil. Uasdhátú déanta ar 3ú Eanáir 2023.